# DUILLEOG

Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimhir 46 An Chaisc 2018

## Éigse Uladh 2018

## Ceiliúradh 30 Bliain de

## Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair




An Crann Óg i mbun ceoil



Foireann na Crannóige

Bhí bricfeasta sa Chrannóg ar an 9ú Márta le 30 Bliain den Chomharchumann a Cheiliúradh.  Deis a bhí ann fosta don phobal theacht isteach agus am a chaitheamh le coiste agus foireann an Chomharchumann.



Toní agus Tereasa



Ag baint sult as an bhricfeasta

# ÉIGSE ULADH

9-11 MÁRTA 2018 GAOTH DOBHAIR

Rinneadh ceiliúradh ar 30bl de Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ag an Éigse i mbliana. Thosaigh sé ar maidin Dé hAoine le bricfeasta mór sa Chrannóg. Ghlac baill den choiste agus an Crann Óg páirt i gclár Bharrscéalta ar Raidio na Gaeltachta ar 11.00. Bhí an foscladh oifigiúil san Acadamh an oíche sin le Mícheal Ó hEanaigh Príomh Fheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Diarmaid Ó Mordha Roinn na Gaeltachta agus Peadar Mac An Iomaire Iar Phríomh Fheidhmeannach ar Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Bhí lá na nóg ar siúl san Acadamh tráthnóna Dé Sathairn.

Seo raiteas a fuair coiste an Chomharchumainn ó Shéamus Mac Giolla Chomhaill, Iar Stiúirthóir ar Roinn na Gaeltachta i dTír Chonaill i dtaca lena gCeiliúradh 30 Bliain.

Is mian liom comhghairdeas ó chroí a dhéanamh libh agus 30 bliain de bhunadh Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair á cheiliúrú agaibh ag Éigse Uladh 2018.

Is liosta le háireamh é an méid atá bainte amach agaibh thar na blianta, mar shampla, ceannach agus cóiriú na ceardscoile, bunadh na Crannóige, forbairt an ionaid ghnó, bunadh Acadamh na hOllcolaíochta Gaeilge, gan trácht ar éachtaí eile ar nós An Crann Óg. Bhí forbairt na teanga agus an chultúir mar an phríomh bhunchloch agaibh i gcónaí agus beidh an obair seo níos lárnaí ná ariamh mar gheall ar an ról ceannasach atá agaibh anois i ndáil leis an phleanáil teanga.

Níl amhras ar bith ach gur eascair an rath agus bláth atá tagtha ar an Chomharchumann ón mhórfhís a bhí agaibh ón tús agus an obair mhór dheonach a bhí sibh sásta a dhéanamh le bhur bpleananna a thabhairt go ceann scríbe. Má bhí fís mhór agaibh, agus bhí, níor chlis ar bhur n-uchtach ariamh, in aineoinn na ndúshlán uilig a bhí le sárú agaibh ag amanna éagsúla i gcaitheamh na mblianta.

Rath Dé ar bhur gcuid oibre i gcónaí

Séamus Mac Giolla Chomhaill





# Féile Scoildrámaíochta Ghaoth Dobhair 2018

Fuair 3 dhráma nua scríofa as ranganna drámaíochta Scoil na Crannóige fríd go craobh Uladh den Fhéile Scoldrámaíochta, fuair Cathal Ó Gallchóir duais don script is fearr Mary Ní Ghallachóir an bhan-aisteoir is fearr. Fuair an dráma 'Tairseach an tSeanchais' a scríobh agus a stiúir Suzanne Uí Ghallchóir do pháistí bunscoile an chéad áit ina roinn le cúidiú Síle Uí Fhearraigh. Fuair 'Am Dalhi' a scríobh agus a stiúir Eoghan Mac Giolla Bhrighde an chéad áit i roinn Meánscoltacha agus fuair 'B&B an HSE' a scríobh agus a stiúir Cathal Ó Gallchóir an chéad áit i roinn na gClubanna Óige.

Comhghairdeas leo uilig as an obair chrua.



Am Dalhi




Tairseach an tSeanchais



B & B an HSE

## An Cháisc



Solas geal Dé chugat an Cháisc seo



# Paráid na Féile Pádraig 2018





Ag deánamh reidh

Banna Ceoil Óige na Crannóige












Na Bannaí Ceoil






Club Óige Chnoc Fola